

[05_05.mp3](#)

Téipscript **Bileog 5.5**

- Jan: Bhuail mé le bean álainn Ghaelach cúpla seachtain ó shin as Dún na nGall.
- Múinteoir: Maith thú! An bhfuil sí anseo i mBaile Átha Cliath?
- Jan: Tá, den chuid is mó den am, ach bíonn sí ag taisteal lena cuid oibre.
- Múinteoir: Cén tslí bheatha atá aici?
- Jan: Is iriseoir í. Tá post buan aici leis an Evening Herald. Bíonn sí iontach gnóthach.
- Múinteoir: Tá sé sin go hiontach, agus tá do chuid Gaeilge ag éirí níos fearr an t-am ar fad.

[05_06.mp3](#)

Téipscript **Bileog 5.6**

- Máire: An dtaitníonn do phost leat?
- Jan: Taitníonn. Tá sé suimiúil agus tá mo chomhoibríthe go deas. An dtaitníonn do phost leatsa?
- Máire: Ní thaitníonn. Tá strus ag baint leis.

[05_10.mp3](#)

Téipscript **Bileog 5.10**

Agallamh na Seachtaine – ar agallamh na seachtaine seo beidh Éamonn ag caint faoina chuid oibre.

- Sinéad: Dia duit a Éamoinn, fáilte romhat ar an gclár inniu. Anois cén tslí bheatha atá agat?
- Éamonn: Tá mo ghnó féin agam a Shinéad, is meicneoir mé. Bhí mé ag obair do gharáiste mór eile ar feadh cúig bliana, ach d'éirigh mé as an bhliain seo caite agus tá mo gharáiste féin agam anois.
- Sinéad: An dtaitníonn sé leat do ghnó féin a bheith agat?
- Éamonn: Taitníonn cinnte. Tá strus ag baint leis ach is maith liom a bheith féinfhostaithe.
- Sinéad: Agus, cad ina thaobh ar fhág tú an post deireanach a bhí agat?
- Éamonn: Bhí post buan agam leis an bpost deireanach sa gharáiste mór agus bhí an tuarastal go maith. Fuair mé ardú céime sa bhliain dheireanach chomh maith ach ag deireadh an lae b'fhearr liom a bheith ag obair dom féin.
- Sinéad: Agus an mbíonn laethanta saoire ar bith agat anois, a Éamoinn?
- Éamonn: Bhuel, ní bhíonn mórán. Beidh coicís agam i mbliana agus sin é.

[05_14.mp3](#)

Téipscript

Bileog 5.14

Hi. Is mise Sinéad. Is bainisteoir i monarcha mé agus tá mé ag obair ansin anois le seacht mbliana anuas. Oibrím óna naoi a chlog ar maidin go dtí timpeall a sé a chlog tráthnóna. Bíim ag obair le comhlachtaí móra ar fud na hEorpa agus mar sin tá a lán teangacha agam. Tá Béarla agus Gaeilge agam ar ndóigh. Tá Iodáilis mhaith agam agus Spáinnis líofa. Is féidir liom Fraincis a thuiscint ceart go leor ach ní féidir liom í a scríobh chomh maith sin. Tá clóscríobh agam agus is féidir liom ríomhaire a úsáid chomh maith. Ní féidir an post seo a dhéanamh gan tiomáint a bheith agat. Bíim ag tiomáint ar fud na tíre gach lá ag bualadh le cliaint agus ag dul chuig cruinnithe.